# SUIRBHÉIR CAINNÍOCHTA (GRÁD INNEALTÓRA FEIDHMIÚCHÁIN)

## AN GHNÍOMHAIREACHT TITHÍOCHTA

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fís na Gníomhaireachta tithe a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gá acu leo. Déanann sí é sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar, lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun soláthar réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Baineann trí théama leathana le hobair na Gníomhaireachta maidir le tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a chur ar fáil do chách agus tá ár bhfócas leanúnach ar bharrfheabhas san Eagraíocht ina chuidiú leis an méid seo a chur i gcrích. Is iad seo leanas na trí théama sin:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- Dul i ngleic le Soláthar agus Inacmhainneacht Tithíochta
- Tacú le Pobail Inbhuanaithe agus Ionchuimsitheacha a Fhorbairt.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CTC
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- An Scéim um Fheabhsúchán Piríte, an Scéim Deontais do Bhloic Choincréite Lochtacha agus an Scéim um Lochtanna in Árasáin agus in Árasáin Dhá Urlár.
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh Iasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta
- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas/Dul i ngleic le hIonchuimsiú Sóisialta

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie

## AN POST

Tá iarratais á lorg anois ag an nGníomhaireacht Tithíochta don phost mar Shuirbhéir Cainníochta le dul i mbun oibre leis an Stiúrthóireacht Timpeallachta Tógtha agus/nó Feabhsúcháin agus chun cabhrú le stiúrthóireachtaí eile le sain-scileanna teicniúla de réir mar is gá. Is post buan é seo ag Grád Innealtóra Feidhmiúcháin agus beidh sé lonnaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

Glactar leis go mbeidh an té a cheapfar ina b(h)all foirne a mbeidh baint ghníomhach aige/aici le forbairt fhoriomlán na Gníomhaireachta Tithíochta, a chuirfidh beartais na Gníomhaireachta Tithíochta chun cinn i gcónaí agus a chloífidh le luachanna na Gníomhaireachta Tithíochta: https://www.housingagency.ie/publications/strategy-annual-report.




The values of the Housing Agency set the standard for the way we work with our colleagues and our stakeholders. In this strategic period, we will continue to embed our values throughout the organisation to guide and inform everything we do.

We will place a particular focus on internal and external collaboration. We have placed people at the centre of everything we do to highlight the importance of our staff, our stakeholders, and the people we are working to support with housing needs.

## PRÍOMHDHUALGAIS

Beidh an té a bhaineann an post seo amach ag obair mar chuid d'fhoireann ghairmiúil / theicniúil ildisciplíneach. Is iad na príomhdhualgais a bheidh acu:

- Tacú le húdaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe ar an gcaoi is éifeachtaí agus iad ag soláthar tithíochta, lena n-áirítear tacaíocht agus comhairle maidir le socruithe traidisiúnta conarthacha lena n-áirítear conarthaí oibreacha poiblí; dearadh leis an bhfostóir, conarthaí deartha agus tógála, conarthaí seirbhísí teicniúla, forbraíochtaí lándéanta, comhaontuithe forbartha agus comhfhiontair.
- Cúnamh agus tacaíocht a chuir ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe maidir le treoracha tionscadail agus meastacháin chostais a fhorbairt.
- Cúnamh agus tacaíocht a chuir ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun comhairleoirí agus conraitheoirí oibreacha a fhostú.
- Obair a dhéanamh mar chuid d'fhoireann deartha chun tionscadail tithíochta poiblí nua agus oibreacha gaolmhara a sholáthar.
- Seirbhísí Suirbhéireachta Cainníochta a reáchtáil ó thús an tionscadail go dtí an chéim deireanach de thionscadail a chríochnú.
- Cabhrú le hullmhú Measúnuithe Caipitil agus ullmhú d'fhaomhadh maoinithe agus foirmeacha costais cuí a chinneadh.
- Próisis Soláthair Phoiblí agus Creat um Oibreacha Caipitiúla a Bhainistiú a Úsáid
- Fógraí conartha maidir le hoibreacha agus oibreacha bainteach le seirbhísí trí ríomhthairiscintí a sholáthar agus a bhainistiú.
- Foirne deartha de shainchomhairleoirí seachtracha a sholáthar agus a bhainistiú.
- Anailís agus measúnú a dhéanamh maidir le hoiriúnacht conraitheoirí agus éilimh chonartha.
- A chinntiú go bhfuil an t-árachas ceart i bhfeidhm,
- Anailís Riosca a chur le chéile don tionscadal/ do na tionscadail.
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fhad tionscadail, rialú costais agus cúrsaí conartha
- Bainistiú Tionscadail agus Riarachán Conarthaí
- Cáipéisí praghsála a dhéanamh le húsáid a bhaint as ARM 5, billí a ullmhú, pleananna costais, meastacháin chostais agus réamhobair do thionscadal a eagrú.
- Bainistiú costais a dhéanamh maidir leis na tionscadail a shannann an Ghníomhaireacht Tithíochta, lena n-áirítear ICMS a úsáid.
- Anailís Costais Saolré a dhéanamh ar scéimeanna tithíochta a soláthraíodh le húsáid a bhaint as CWMF
- Cabhrú le hullmhú conarthaí.
- Cúnamh agus tacaíocht a thabhairt don scéim um fheabhsúchán piríte agus an scéim um bhloic coincréite lochtacha arna n-oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta, de réir mar is gá
- Teagmháil a dhéanamh le gairmithe tógála eile, údaráis áitiúla, comhlachtaí tithíochta ceadaithe, údaráis stáit, RTRÁO, OGP, agus eagraíochtaí eile.
- Scileanna teicniúla in oiriúint don phost a úsáid i dtaca leis an obair a shanntar

- Coinneáil suas le forbairtí nua agus le hathruithe reachtaíochta maidir le suirbhéireacht chainníochta, soláthar, agus tithíocht agus dul i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach ar bhonn gníomhach.
- Coinneáil suas le forbairtí nua agus le hathruithe reachtaíochta maidir le suirbhéireacht chainníochta, soláthar, agus tithíocht agus dul i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach ar bhonn gníomhach.
  - Cúnamh a thabhairt do sholáthar na Scéime Deontais do Bhloic Choincréite Lochtacha.
  - Cúnamh a thabhairt maidir leis an Scéim um Fheabhsúchán Piríte a bhainistiú.
  - Cúnamh a thabhairt do sholáthar na Scéime um Lochtanna in Árasáin agus in Árasáin Dhá Urláir.
- Tabhairt faoi dhualgais eile a d’fhéadfadh an Stiúrthóir Seirbhíse agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a shannadh ó am go ham.

## CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ

Riachtanais Íosta:

- Cáilíocht ar Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí san Eacnamaíocht Foirgníochta / sa tSuirbhéireacht Chainníochta, agus
- cáilíocht ghairmiúil i seilbh aige/aici i Suirbhéireacht Chainníochta atá forordaithe faoin Acht um Rialú Foirgníochta 2007, nó cáilíocht i Suirbhéireacht Chainníochta atá comhionann le cáilíocht atá forordaithe mar sin in Alt 29 den Acht um Rialú Foirgníochta 2007 agus
- incháilithe a bheith cláraithe mar Shuirbhéir Cainníochta faoin Acht um Rialú Foirgníochta 2007 gan aon mheasúnú eile ag teastáil. Beidh ceapachán ar bith ag an gcomhlacht fostaithe faoi réir cláraithe faoin Acht;
- Oiliúint theicniúil agus taithí cúig bliana ar a laghad ar obair Suirbhéireachta Cainníochta.
- Ardchaighdeán oiliúna agus taithí teicniúla i seilbh aige/aici
- is fearr ballraíocht Chairte i gCumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI) / in Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte (RICS)

- .Chomh maith leis na riachtanais thuas, bheadh taithí sa réimsí a leanas úsáideach; taithí in BIM, ICMS, Anailís Costais Saolré, Soláthar Poiblí Glas, an CWMF agus úsáid ríomhchonrathaí.

## SCILEANNA AGUS INNIÚLACHTAÍ

- **Pleanáil Straitéiseach**
  - Tá sé/sí in ann saineolas teicniúil iomchuí a chur i bhfeidhm ar réimse d’fhéidearthachtaí agus measúnú iomlán a dhéanamh ar impleachtaí amach anseo a bhainfidh le cinntí agus gníomhaíochtaí reatha

  - Déanann sé/sí a d(h)ícheall chun modhanna oibre nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ó thaobh a bheith ag obair go héifeachtach d'fhonn cuspóirí a bhaint amach.

- **Scileanna Cumarsáide agus Scríbhneoireacht Tuarascálacha**
  - Scileanna cumarsáide den scoth, idir labhartha agus scríofa
  - An cumas chun a léiriú conas mar a théann sé/sí i mbun plé éifeachtach le foireann ildisciplíneach agus le cliaint ó údaráis náisiúnta agus áitiúla go Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe beaga atá bunaithe sa phobal.

- **Cumas Torthaí a Bhaint Amach –**
  - In ann cumas a léiriú ó thaobh obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ag brath ar thábhacht, ar amscálaí agus ar shrianta eile ar acmhainní, agus in ann tús áite a thabhairt do rud eile má athraíonn cúinsí.
  - In ann cumas a léiriú ó thaobh obair ar ardchaighdeán a dhéanamh agus go bhféachann a c(h)uid modhanna oibre chuige go mbaintear í seo amach.

- **Comhoibriú**
  - In ann caidrimh oibre dhearfacha a chothú le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara.
  - In ann obair go neamhspleách mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach

- **Sainscileanna**
  - An cumas ardleibhéal eolais ábhartha ar Shuirbhéireacht Chainníochta / ar Shainchomhairleoireacht Costais a léiriú mar a bhaineann sé go sainiúil le forbairtí cónaithe.
  - An cumas ardchaighdeán oiliúna teicniúla leanúnaí a léiriú mar aon leis an tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil agus le heitic.
  - Buneolas maith aige/aici, nó in ann a léiriú go bhfuil sé ar a c(h)umas a leithéid de bhuneolas maith a fhorbairt maidir le cuid de na nithe seo a leanas, nó iad uile:
  - Creataí um Oibreacha Caipitiúla a Bhainistiú / Soláthar Poiblí

- **Scileanna TF -**Inniúlacht TF, lena n-áirítear inniúlacht maidir leis na cláir seo a leanas:

  - MS Office, Cubit, Cost X nó bogearraí tomhais cosúla eile agus roinnt eolais ar AutoCAD & Revit/ Samhaltú Faisnéise Foirgníochta

## SCÁLA TUARASTAIL - INNEALTÓIR FEIDHMIÚCHÁIN (SCÁLAÍ LA)

€59,067 – €61,217 – €63,366 – €65,520 – €67,672 – €69,823 – €71,976 – €74,116 – €76,280 – €78,425

BFS1 €80,897

BFS2 82,108

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais.** D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

## INCHÁILITHEACHT CHUN DUL IN IOMAÍOCHT

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
e) Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
f) Saoránach neamh-AE atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis, agus atá ina gcónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.
g) Féadfar painéal a bhunú as ar líonfar vacaíochtaí breise do Chostais (Innealtaí Feidhme)

### An dáta deiridh a nGlacfar le hIarratais — Dé hAoine an 1ú Lúnasa 2025 12.00 meán lae

### Nós Imeachta an Iarratais

Ní mór d'iarrthóirí na nithe a leanas a chur ar fáil:

a) Foirm iarratais chomhlánaithe de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta
b) Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú.
c) Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach le ríomhphost i bhformáid PDF chuig recruitment@housingagency.ie
d) Déanfar iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil.
e) Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
f) Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an sprioc-am /spriocdháta in imthosca ar bith
g) Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.

h) D'fhéadfaí painéal a chruthú as a líonfar folúntais eile mar Shuirbhéire Mheáchain (Innealtóir Feidhmiúcháin).

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh an duine as an bpost tar éis é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d’fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.